***COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE***

***GALWAY COUNTY COUNCIL***

# FODHLÍTHE CHONTAE NA GAILLIMHE UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA) UIMH.1 – 2019

## (CRIOSANNA MALLA in EASTÁIT TITHÍOCHTA)

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004) agus ar fhógra a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána, déanann Comhairle Chontae an Gaillimhe na Fodhlíthe seo a leanas maidir le limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe.

1. Is féidir na fodhlíthe seo a lua mar: Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) Uimh.1 – 2019 (Criosanna Malla in Eastáit Tithíochta).

2. Tá na Fodhlíthe seo sa bhreis ar Fhodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018 agus agus ba chóir iad a fhorléiriú i gcomhar leo.

3. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an 31ú lá de Mhárta 2020.

4. Sna fodhlíthe seo:

   ciallaíonn "Acht 1993" Acht na mBóithre, 1993 (Uimh. 14 de 1993);

   ciallaíonn "Acht 2004" Acht na mBóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004);

   ciallaíonn "limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe" Contae na Gaillimhe, ach gan limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe san áireamh.

   tá le "luasteorainn limistéir fhoirgnithe" agus le "luasteorainn speisialta" na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, i gcuid 2 d'Acht 2004 ag;

   ciallaíonn "achar" achar arna thomhas feadh lárlíne an bhóthair,

   tá le "bóthar áitiúil", le "bóthar réigiúnach", le "bóthar náisiúnta", agus le "mótarbhealach" an bhrí a shanntar dóibh, faoi seach, in Acht 1993,

   ciallaíonn "imeallbhóthar" bóthar a bhfuil teorainn comhairle cathrach nó baile feadh ag síneadh ar a ród, agus feadh a róid, agus measfar é a bheith laistigh den teorainn sin chun críocha na bhfodhlíthe seo,

   ciallaíonn "bóthar" bóthar poiblí agus folaíonn sé mótarbhealach,

   ciallaíonn "an tAire" an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

5. **An Chéad Sceideal –30 km/u** – Tríocha ciliméadar san uair an luasteorainn speisialta d'fheithiclí inneallghluaiste ar gach ceann de na bóithre a shonraítear sa Chéad Sceideal a gheabhann leis n Fodhlíthe seo.
   Sa doiciméad seo, tugtar CRIOSANNA MALLA in EASTÁIT TITHÍOCHTA are an luasteorainn sin chomh maith.

6. Eisceachtaí: Eiscfear ón luasteorainn speisialta a fhorordaítear ins na Fodhlíthe seo, iad seo a leanas le linn dóibh bheith á n-úsáid i mbun dualgais:-

(a) Otharcharranna;
(b) Feithiclí briogáide dóiteáin, agus
(c) Feithiclí an Gharda Síochána agus
(d) Aon fheithicil faoi réir luasteorainneacha mar a fhorordaíonn an tAire de bhun Alt 4 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004.

7. Mar a fhoráiltear in Alt 10 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004, sa chás go bhfuil Ordú Luasteorann Oibreacha Bóthair i bhfeidhm, beidh tosaíocht aige sin ar aon ghnáthluasteorainn nó ar aon luasteorainn speisialta a bheidh ar an gcuid sin den bhóthar.

8. Ginearálta: Beidh an bhrí (más ann) mar atá sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2016 ar aon fhocail nó aon téarmaí a úsáidtear anseo nach bhfuil sainmhínithe go sonrach thuas.

**AN CHÉAD SCEIDEAL**

Bóithre a bhforordaítear luasteorainn speisialta Tríocha míle san uair (**30km/h**) ina leith;

1. An eastát tithíochta seo a leanas i mBaile Chláir
    - ***An Mhainistir***

2. Na heastáit tithíochta seo a leanas i mBéal Átha na Sluaighe:
    - ***Dun Esker / Sli Esker***
    - ***Oak Glen***

3. Na heastáit tithíochta seo a leanas i nGleann na Madadh:
    - ***Dudley Heights***
    - ***Lakeview***

4. Na heastáit tithíochta seo a leanas i nGort:
    - ***Cobble Drive***
    - ***Coole Haven***

5. An eastát tithíochta seo a leanas i gCill Íomair:
    - ***The Paddocks***

6. An eastát tithíochta seo a leanas i gCinn Mhara
    - ***Cuan an Oir***
    - ***Nun's Orchard***

7. Na heastáit tithíochta seo a leanas i mBaile Locha Riach:
    - ***Ard Breeda***

8. Na heastáit tithíochta seo a leanas i mBaile an Mhuilinn
    - ***Millbrook***

9. Na heastáit tithíochta seo a leanas i Muine Mheá
    - ***Ard Aoibhinn***

10. Na heastáit tithíochta seo a leanas in Uachtar Ard:
    - ***Owenriff Park***

11. Na heastáit tithíochta seo a leanas i bPort Omna:-

- ***Cedar Avenue***
- ***Forest Glade***

12. Na heastáit tithíochta seo a leanas i dTuaim:

- ***Carraigweir***
- ***Cois na hAbhainn***
- ***Cricket Court / Fields***
- ***Elm Court***
- ***Hilltop Close***
- ***Lissadyra***
- ***Rivercrest***

13. An eastát tithíochta seo a leanas i mBaile Liam:

- ***Cedar Court***

****************************************************************************************************

**Déanta agus glactha faoi Ghnáthshéala**

**CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**

**An 24ú lá seo de Feabhra 2020.**

**I láthair nuair a greamaíodh Gnáthshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe leis seo:-**

______________________________

**Comhairleoir Jimmy McClearn**

**CATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE**